

N22BBM

Athbhreithniú ar an Dul Chun Cinn déanta i 2021

Tá dul chun cinn mór déanta sa tionscadal i gcaitheamh 2021 agus seo a leanas cuid de na buaicphointí:

Coincréit agus Cruach:

Tá dul chun cinn mór déanta leis na struchtúirí, droichid don chuid is mó, le 20,000m³ (16 linn snámha) coincríte doirtheadh coincríte doirte ar an suíomh. Déantar caighdeán na coincríte a thástáil sula ndéantar í a dhoirtheadh lena n-áirítear an sleabhac-thástáil agus dhein foireann theicniúil an Chonraitheora 2,500 tástáil den chineál seo ar an láthair. Ag leanúint ar aghaidh ó dhoirtheadh na coincríte, dearbhaítear neart comhbhrúiteach na coincríte doirte trí ciúbanna den choincréit a bhrú agus deineadh breis agus 3,300 tástálacha den chineál seo. Tugann an dá thástáil seo dearbhú cáilíochta maidir leis an gcoincréit atá á húsáid.



Tástáil Cáilíochta



Ciúbanna den Choincréit

Ag Brú Ciúbanna

An gné criticiúil eile ó thaobh struchtúr coincréite ná an t-atreisiú cruaihe a úsáidtear. I gcaitheamh na bliana 2021 dheineamar cruachfhosú ar bhreis agus 2,000 tona d'atreisiú cruaihe (333 eilifint Afracach) chun tacú leis an 20,000m³ coincréite a doirteadh.



Atreisiú Cruaiche

Créfoirt: Is é a bhí le déanamh san obair seo ná cré agus carraig ó na láithreacha éagsúla gearrtha a thochailt, an t-ábhar seo a iompar ag úsáid ár ndumpairí alta, atá idir 20T agus 45T, agus an t-ábhar seo a leagadh síos agus a dhlúthú sna láithreacha líonta éagsúla, agus ag múnlú an chrutha a bheidh ar an ngréasán nua bóthar. Bhí na hoibreacha créfoirt le linn na bliana 2021 lárnach dúinn agus mór-spriocanna ár gclár oibreacha don scéim á mbaint amach againn. Ina iomláine, déanadh 1,450,000m³ (580 linn snámha oilimpeach) a thochailt agus a chur in áit suas go dtí deireadh na bliana 2021, agus an toirt roinnte go réasúnta cothrom idir Cuid 1 i dtreo an iarthair agus Cuid 3 san iarthar. Síneann Cuid 1 ó Cheangal Isteach Thiar an tionscadail go Bóthar Chill na Martra agus síneann Cuid 3 ón áit sin soir arís go dtí deireadh thoir an tionscadail i gCúil Chomhair. Chuir tógáil na ndroichead seo ar fud na scéime go luath san obair, cuid acu a sháraigh aon ní mar iad a bhí tógtha cheana, ar ár gcumas na hoibreacha créfoirt seo a dhéanamh. Caithfear a aithint leis gur chabhraigh séasúr tirim an tsamhraidh i 2021 leis an gConraitheoir na spriocanna créfoirt a bhaint amach.



An Ceapagh Thoir, Baile Bhuirne

Is cuid lárnach de chlár na gcréfort an tástáil ar ábhair, go mbeifí ábalta cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar sin a athúsáid mar ábhar foirgníochta atá géilliúil nó nach bhfuil. Tógadh breis agus 2,000 samplaí ábhair ar an suíomh le linn 2021. Déantar ár n-ábhar dlúite, mar a leagadh síos é, a thástáil ag úsáid Méadar Dlúis, chun a dhearbhu go bhfuil an dlús ábhair atá riachtanach sroichte, agus cuireadh breis agus 900 de na tástálacha seo i gcrích sa bhliain 2021. Tástáil eile a úsáidtear go forleathan ar an dtionscadal is ea an Lódtástáil Phláta (LPT) - úsáidtear í seo chun oiriúnacht na foirmíochta claífoirt bóithre a thógáil orthu agus dheineamar breis agus 300 tástálacha PLT sa bhliain 2021.



Méadar Dlúis



Lódtástáil Phláta

Níl aon ghanntanas carraigeacha laistigh de theorainn na scéime, is sna gearrtha is domhaine den tionscadal a bhíonn an charraig seo de ghnáth, agus tógtar an chuid is mó den charraig seo amach le pléascadh srianta agus le briseadh. Go dtí seo, cuireadh 41 imeachtaí pléascadh srianta idir 2020 agus 2021. Díobh seo, bhí 19 cinn acu i Cuid 1 i dtreo iarthar na scéime agus 22 cinn acu i Cuid 3 i dtreo oirthear na scéime.

Oibreacha Bóthair:

Tógadh agus osclaíodh ceithre acomhal nua le linn 2021:

1. Bóthar Chluain Droichead sa Tonn Láin leis an N22
2. Timpeallán Charraig an Phúca ar an N22
3. Acomhal an Ghoirtín Rua ar Bhóthar Shráid an Mhuilinn
4. Bóthar Áitiúil Bhaile Uí Bhioráin le Bóthar Bhaile na Graí

Mar chuid den scéim, cuirtear bóithre rochtana atá príobháideach ar fáil d'úinéirí talún nó do chónaitheoirí a bhfuil a gcuid talún athraithe ag leagan amach an N22 nua le súil is go gcaomhnófaí an nascacht idir na dáileachtaí éagsúla talún nó leis an mbóthar poiblí. Cuireadh 20 cinn de na bóithre rochtana seo i gcrích agus ar fáil le húsáid i 2021, 5 cinn acu i Cuid 1 i dtreo iarthar na scéime agus 15 cinn acu i Cuid 3 i dtreo oirthear na scéime. Ina theannta sin, cuireadh 12 bóithre áitiúla (bóithre poiblí) i gcrích agus osclaíodh iad do thrácht ghinearálta, tá 6 cinn acu i Cuid 1 i dtreo iarthar na scéime agus na 6 cinn eile i Cuid 3 i dtreo oirthear na scéime. Cuireadh tús le draenáil príomhlíne agus ducttú na Scéime a chur in áit, le 3.8km críochnaithe le linn 2021.



Carrig an Phúca

Struchtúir:

Ó thaobh Tar-dhroichid agus Fo-dhroichid críochnaithe agus oscailte do thrácht ghinearálta, críochnaíodh 11 droichead ar fad sa bhliain 2021. Bhí 5 acu seo i Cuid 1 agus 6 cinn i Cuid 3. Tá bíomaí i ngach ceann de na droichid seo chun tacú leis an trasdeic. Déantar na bíomaí seo a réamhtheilg in áiteanna seach-suímh, agus tar éis iad a thabhairt ar an láthair, ardaítear isteach ina n-ionaid iad. Ón Nollaig 2020, tá 245 arduithe-bíoma déanta againn. Is ionann faid iomlán na mbíomaí atá curtha ina n-áit againn agus breis agus 5,000m rud a thugann tuiscint níos fearr ó thaobh scála na hoibre atá i gceist.

Ar na buaicphointí aonair áirítear:

- Críochnaíodh seoladh deice cruaike 120m an droichid S03 ag Abha na Biochaille go rathúil.
- Comhlánú substaintiúil ar S26 Droichead Abha na Láinne ina bhfuil na droichead-bhíomaí coincréite is faide in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.
- Comhlánú substaintiúil ar S28 Droichead Abha an tSuláin arb é an droichead coincréite dé-réise is faide é in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.

Cuimsíonn roinnt mhaith de struchtúir an tionscadail fallaí coinneála cré treisithe, agus críochnaíodh 49 struchtúr den chineál seo i 2021. Chuaigh 10,000m² nó nach mór 4,500 painéal treisithe cré isteach sna 49 fallaí seo. Mar chuid dár n-oibreacha tá ceangal orainn líntéirí bosca a thógáil - úsáidtear iad seo chun sruthchúrsaí uisce a threorú ó thaobh amháin den LMA (tailte a cuireadh ar fáil) go dtí an taobh eile agus is struchtúir shubstaintiúla iad seo leis. Suiteáladh 23 lintéar bosca sa bhliain 2021.



Ardú Bíomaí

Conclúid:

Déanadh dul chun cinn suntasach i mórán réimsí den tionscadal sa bhliain 2021, mar atá léirithe thuas. Is mian leis an gConraitheoir, agus é ag obair le Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar Iompar Éireann, a bhuíochas a chur in iúl do na pobail áitiúla timpeall ar Maigh Chromtha agus Baile Bhuirne/Baile Mhic Íre as comhoibriú agus tacú linn. Gan an tacaíocht seo, ní fhéadfaí an tionscadal a chur i gcrích chomh rathúil is atá déanta go dtí seo. Gabhaimid ár mbuíochas leis na Comhlachtaí Reachtúla, agus leis na háisíneachtaí áitiúla a thug cúnamh dúinn, agus arís, is mór an chabhair a thugann an tacaíocht seo dúinn an tionscadal a chur i gcrích go rathúil.

Tá an Conraitheoir ag súil le bliain ghnóthach eile i 2022 agus é dírithe ar dhul chun cinn suntasach a dhéanamh trasna an tionscadail ar fad le tacaíocht na ngeallsealbhóir ar fad.



Na léasacha droichead coincréite is faide in Éirinn agus sa RA



Droichead S03 – Abha na Biochaille